# 37 BEALACH

## le Gaeilge a chur chun cinn i do chlub nó cumann

*Bealaí furasta le Gaeilge a chur chun cinn i gclubanna, cumainn & eagraíochtaí eile*

LPT Chloich Cheann Fhaola

# RÉAMHRÁ – CLUBANNA, CUMAINN ⁊ PLEANÁIL TEANGA

Bun agus barr na pleanála teanga is ea níos mó deiseanna a chur ar fáil leis an Ghaeilge a labhairt sa saol laethúil. Tá cuid mhaith clubanna agus cumann ar bun sa cheantar go dtí seo.

Bíonn clubanna, cumainn agus eagraíochtaí na háite ag feidhmiú trí Ghaeilge, trí Bhéarla, nó trí mheascán den dá theanga faoi láthair. Mar chuid den phlean teanga, seo na príomhchuspóirí atá ag an phobal dár ngrúpaí áitiúla:

1. An Ghaeilge a bheith ina teanga labhartha agus sóisialta.
2. Go dtugtar an rogha an Ghaeilge a úsáid.
3. Go bhfuil sé furasta an Ghaeilge a úsáid agus go dtuigeann an pobal go bhfuil fáilte rompu an Ghaeilge a úsáid.
4. Aeráid Ghaelach a chothú sa ghrúpa.
5. Cultúr na Gaeltachta a chur chun cinn.




Má tá tusa gníomhach i gclub, cumann, nó grúpa eile, tig leat tionchar a imirt ar chur chun cinn na Gaeilge.

Má leanann do ghrúpa na pointí thíos, nó díreach cuid acu, is cinnte go dtiocfaidh borradh faoin teanga sa cheantar.

# AN COISTE / AN BORD STIÚRTHA

1. Leag amach Polasaí Gaeilge láidir maidir le cleachtas teanga sa chlub – tig libh na pointí sa treoir seo a thógáil mar thús!
2. Bíodh duine sinsearach ón choiste/bord stiúrtha freagrach as an Pholasaí Gaeilge le cinntiú go leanfar é.
3. Bíodh stádas, tábhacht agus ról na teanga luaite sa bhunreacht (má tá bunreacht ag an chlub!)
4. Bíodh "Oifigeach na Gaeilge" ar an choiste/bord stiúrtha.
5. Tarraing grúpa le chéile leis an sprioc d'úsáid na Gaeilge a forbairt sa chlub.
6. Ceap "Oifigeach Óige Gaeilge" leis an teanga a chur chun cinn i measc an aosa óig, agus tabhair tacaíocht leanúnach dó/di sin.
7. Bíodh ceannairí óige le Gaeilge ag an chlub agus iad spreagtha le Gaeilge a úsáid leis na daoine óga i gcónaí.
8. Tabhair oiliúint do bhaill den chlub nach bhfuil Gaeilge iontach acu, agus cuidiú leo leis an teanga a oiread agus is féidir.

9 Má tá maoiniú ag an chlub, cuir scoláireacht(aí) ar fáil do bhaill an chlub le ranganna Gaeilge a dhéanamh más mian leo é sin a dhéanamh.

10 Cuir oiliúint ar cheannairí agus traenálaithe ionas go mbeidh siad ábalta gníomhaíochtaí an chlub a chur ar fáil i Gaeilge.

11 Faigh amach cé na baill a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, agus iarr orthu cuidiú le Gaeilge a chur chun cinn sa chlub.

12 Bíodh...

- fógraí na gcruinnithe...
- clár na gcruinnithe...
- miontuairiscí na gcruinnithe...

...i nGaeilge, nó dátheangach.

13 Bain úsáid as teidil Ghaeilge na n-oifigeach ag cruinnithe (.i. "rúnaí", "cathaoirleach", "coiste" seachas an Béarla "secretary", "chairperson", "committee", srl.)

14 Bíodh, ar a laghad, mír amháin faoi fhorbairt na Gaeilge ar chlár gach cruinnithe.

15 Pléigh ar a laghad mír amháin as Gaeilge ag gach cruinniú.

# BRANDÁIL ⁊ COMHARTHAÍOCHT

16 Bíodh ainm an chlub i nGaeilge, nó leagan Gaeilge a chur ar fáil mura bhfuil sé ann cheana féin.

17 Lógó agus branda an chlub a bheith i nGaeilge, nó go dátheangach, ar a laghad.

18 Má tá ceannáras, ionad, halla, nó a leithéid ag an chlub, bíodh ainm an áit sin i nGaeilge.
(m.sh. *Ionad Naomh Fionnán, Páirc Chloich Cheann Fhaola,..*)

19 Má tá comharthaíocht san áit a thagann baill an chlub le chéile, bíodh an comharthaíocht sin i nGaeilge, nó dátheangach, ar a laghad.

20 Má tá ábhar nó feisteas ag an chlub (m.sh. málaí, geansaithe, t-léinte), bíodh siad sin i nGaeilge, nó dátheangach.

21 Úsáid an Ghaeilge ar stáiseanóireacht agus cáipéisí.

# AG PLÉ LEIS NA BAILL ⁊ LEIS AN PHOBAL

**22** Bíodh fógraí, poiblíocht ⁊ comharthaí sealadach a bhaineann le gníomhartha an chlub i nGaeilge, nó dátheangach. (m.sh. póstaeir, bileoga, sceidil d'imeachtaí, comórtais srl.)

**23** Seol comhfhreagras (m.sh. litreacha, téacsanna, r-phoist) amach chuig ball an chlub i nGaeilge, nó dátheangach.

**24** Má tá foilseacháin ag an chlub (m.sh. nuachtlitir, irisí, tuairiscí) bíodh siad sin i nGaeilge, nó dátheangach.

**25** Bain úsáid as leaganacha Gaeilge d'ainmneacha daoine agus logainmneacha, go háirithe do chomórtais, ócáidí agus imeachtaí poiblí.

**26** Bíodh duine ar fáil a bhfuil Gaeilge acu le hagallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge agus atá ábalta preas-ráiteas a scríobh i nGaeilge.

**27** Bain úsáid as an Ghaeilge ar na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, Instagram, Tiktok, Snapchat, srl.)

**28** Bíodh suíomh idirlín an chlub ar fáil i nGaeilge.

**29** Bain úsáid as an Ghaeilge le heagraíochtaí eile oiread agus is féidir (m.sh. clubanna eile, an stát, an comhairle contae, srl.)

# IMEACHTAÍ ⁊ DEISEANNA SÓISIALTA

30 Bíodh an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag ócáidí poiblí (m.sh. óráidí, imeachtaí, bronnadh duaiseanna, srl.)

31 Bíodh Gaeilge ag Fear/Bean an Tí agus í a úsáid in óráidí agus do chur i láthair.

32 Má tá sibh ag tabhairt cuireadh d'aoichainteoir, traenálaí, nó duine eile chun labhairt le baill an chlub, déan iarracht duine a bhfuil Gaeilge aige/aici a aimsiú.

33 Bíodh inscríbhinní ar bhoinn, coirn, agus teastais i nGaeilge.

34 Tarraing grúpa d'fhoghlaimeoirí le chéile chun Gaeilge a chleachtadh le cainteoirí níos cumasaí (.i. ciorcal comhrá).

35 Bíodh comórtas "Gaeilgeoir na Bliana" agaibh le baill an chlub a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt.

36 Déan caidreamh a chothú le heagrais chultúir/teanga eile agus comhoibriú leo ar thionscadail.

37 Cuir imeachtaí ar siúl i nGaeilge ar bun rialta le deis a thabhairt do na baill an Ghaeilge a úsáid go sóisialta, mar shampla:

- BBQ
- Tráth na gCeist
- Dráma
- Ceolchoirm / Seisiún Ceoil Traidisiúnta
- Oíche Karaoke
- Lá Gaelach
- Siúlóid Sléibhe
- Oíche Poker / Cluichí Boird
- Tae ⁊ Plé
- Oíche Ghaelach sa teach tábhairne áitiúil
- Ócáidí Tiomsaithe Airgid

**Pleanáil Teanga**
**Chloich Cheann Fhaola**

**Táimid anseo le cuidiú le do chlub, cumann nó eagraíocht má tá cuidiú nó comhairle de dhíth!**

**Pleanáil Teanga**
Pobal Eascarrach
Béal an Átha
An Fál Carrach
Co. Dhún na nGall

**087 2270722**
**cptccf@gmail.com**
**www.ptccf.com**